7 gcuntas ar Instagram agus TikTok d'fhoghlaimeoirí Gaeilge

Tá go leor Gaeilge le feiceáil ar na meáin shóisialta, ach bíonn sé sách deacair na cuntais is úsáidí don fhoghlaimeoir a aimsiú ón méid atá ann.

Seo liosta gearr de chuntais bríomhar agus tarraingteach ar Instagram agus TikTok a bheadh oiriúnach don fhoghlaimeoir. Is cuntais iad seo atá dírithe go hiomlán ar an bhfoghlaimeoir, seachas ábhair éagsúla eile.

1 **irishwithmollie.** Is múinteoir í Mollie agus tá sí beo ar Instagram agus ar TikTok. Tá go leor postálacha agus físeán curtha amach aici ar ghnéithe éagsúla den teanga, i stíl shoiléir shlachtmhar, agus cuireann sí cúrsaí ar fáil freisin. Féach ar phostáil uaithi ar TikTok faoi na focail i nGaeilge nach bhfuil a macasamhail i mBéarla: **bit.ly/irishwithmollie.**

2 **gaeilgevibes.** Thosaigh an múinteoir meánscoile Siobhán an cuntas seo agus tá sí ar Instagram agus ar TikTok araon. Cuireann sí amach postálacha ag míniú focal, nathanna cainte agus gnéithe gramadaí, i stíl neamhfhoirmiúil phearsanta. Féach anseo ar phostálacha uaithi ar Instagram ar an fhocal 'costasach' nó ar fhíseán ar conas cur síos a dhéanamh ar áit: **bit.ly/gaeilgevibesCOSTA** and **bit.ly/gaeilgevibesAIT.**

3 **gaeilgelejane.** Seo bean eile atá ar Instagram agus TikTok. Cuireann Jane cúrsaí ar fáil freisin, cosúil le daoine eile ar an liosta seo. Cliceáil anseo chun féachaint ar phostáil uaithi ar TikTok faoi na slite ar féidir leat a rá go bhfuil áthas ort: **bit.ly/gaeilgelejane.**

4 **fionnan123.** Cuntas spreagúil ar TikTok is ea é seo ó chainteoir dúchasach ó iarthar na tíre. Is ó Oileáin Árann a chuireann sé amach formhór den a chuid postálacha faoi fhocail, nathanna cainte, nósanna, agus casann sé féin amhráin uaireanta. Féach air anseo ag múineadh foighne dá mhadra bocht: **bit.ly/fionnan123.**

5 **peascaeasca.** Is grúpa de mhúinteoirí a bhunaigh an cuntas seo ar Instagram agus TikTok. Cuireann siad réimse leathan d'ábhair ar fáil agus memes siamsúla faoi na scéalta atá i mbéal an phobail. Féach ar shampla uathu anseo ar Instagram: **bit.ly/peascaeasca.**

6 **gaeilge_i_mo_chroi.** Tá an cuntas seo ar Instagram agus tá cainéal ag an údar, Mollaí, ar YouTube freisin. Roinneann sí a tuairimí maidir le gnéithe mearbhlacha an teanga i stíl úr shiamsúil. Seo físeán spéisiúil uaithi ar YouTube ar 15 acmhainn a mholfadh sí don fhoghlaimeoir: **bit.ly/gaeilgeimochroi.**

7 **cuplafocal.** Mura bhfuil uait ach stór focal agus níl aon suim agat i bhfíseáin ná aon rud eile, b'fhéidir gurb é seo an cuntas ceart duit. Cuireann siad amach postálacha lom simplí ar Instagram agus tá slua mór leantóirí acu. Féach ar shampla uathu anseo leis an bhfocal 'caolchúiseach': **bit.ly/cuplafocalIN.**

Níl sa liosta seo ach blaiseadh de na cuntais atá ar fáil agus tiocfaidh an foghlaimeoir ar chuntais eile agus iad ag baint úsáid rialta as na hardáin. Nach iontach an acmhainn atá á chruthú ag na húdair seo agus údair eile mar iad!